EPIC The Irish Emigration Museum

Tráthanna na gCeist! Puzail! Cluichí!

Agus tuilleadh

Foghlaim stair Lá Fhéile Pádraig agus an chúis a ndéantar ceiliúradh air sa lá atá inniu ann

# LÁ FHÉILE PÁDRAIG

## Acmhainn Ranga



Faigh amach an fáth a ndéantar ceiliúradh ar Éireannachas ar fud an domhain

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# STAIR... Lá Fhéile Pádraig

Cad air a smaoiníonn tú nuair a smaoiníonn tú ar 'Éireannachas'? An chuid is mó den eolas a cheanglaímid le hÉirinn – an dath glas, Naomh Pádraig, Oíche Shamhna, seamróga, prátaí agus paráidí – is féidir iad a cheangal le himirce, nó le gluaiseacht daoine.

## NAOMH PÁDRAIG

B'imirceach é Naomh Pádraig féin. Rugadh é thart ar an 5ú haois AD, agus bhí tús deacair aige ina shaol. D'fhuadaigh foghlaithe mara Éireannacha é agus thug siad go hÉirinn é, d'athraigh an t-aistriú sin cúrsa a shaoil, agus chuaigh sé i bhfeidhm ar chultúr na hÉireann ar deireadh. Tar éis 6 bliana fhada dheacra ag aoireacht in Aontroim, bhí brionglóid aige faoi long ar a bhféadfadh sé éalú, agus chuaigh sé ar ais chun na Breataine. Ach níorbh fhada go dtí gur fhill sé ar Éirinn. Roghnaigh sé an chuid eile dá shaol a chaitheamh ina chónaí i measc na ndaoine, ag scaipeadh luachanna na Críostaíochta, agus d'úsáid sé 3 dhuilleog na seamaire, an tseamróg, chun an Tríonóid Naofa (an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh) a theagasc.





Faoi dheireadh an 7ú haois, bhí a lán finscéalta i ndiaidh teacht chun cinn mar gheall air, ón scéal gur thóg sé na mairbh as an uaigh, go dtí an scéal gur dhíbir sé na nathracha nimhe as Éirinn. Ach bhí rud amháin cinnte, ghlac na hÉireannaigh chucu féin é, agus a chuid nósanna, mar dhuine dínn féin.




## IMIRCE

Is scéal é seo a fheicimid go minic in EPIC, Músaem Imirce na hÉireann, scéal na hinimirce agus scéal an uchtaithe. Feictear é san inimirce, nó san aistriú, go hÉirinn. Ó na Ceiltigh ársa a thug Oíche Shamhna dúinn; go dtí na Lochlannaigh a bhunaigh bailte, leithéidí Baile Átha Cliath agus Loch Garman; go dtí na himircigh ón Áis, ó Mheiriceá Theas agus ón Eoraip a thug a gcultúr agus a bhféilte isteach go hÉirinn; tá na imircigh seo i ndiaidh cur le cruthú stair na hÉireann, agus le hÉireannachas. Cuireann siad leis go fóill inniu.



## EISIMIRCE

Feicimid an scéal seo freisin san eisimirce, nó sna daoine a fhágann Éire. Tá Éire fágtha ina ndiaidh ag breis agus 10 milliún duine ó 400 AD, nuair a d'fhág na manaigh ina gcuracha go hAlbain. Na daoine a d'fhág Éire d'fhág siad ar bhealaí éagsúla. Díreach mar a tharla le Naomh Pádraig, ní raibh rogha acu i gcónaí – ba mhinic a thug bochtaineacht, géarleanúint, galair agus éadóchas go talamh nua iad. Thóg breis agus 1.5 milliún duine an bád bán orthu féin i rith an Ghorta Mhóir amháin. Ach cibé cúis a bhí acu, ba mhinic a bhí na daoine seo aontaithe in dhá rud: dóchas le haghaidh todhchaí níos fearr, agus a nÉireannachas. Bhí grá acu ar a dtír dhúchais agus ar chultúr na hÉireann a tháinig siad slán ó na turais fhada, a mhair go leor míonna, chuig mór-ranna nua. Agus ní hamháin gur glacadh leo, ach bhí rath orthu ann.





## LÁ FHÉILE PÁDRAIG

Sa lá atá inniu ann, is sampla foirfe é Lá Fhéile Pádraig de seo gur ceann den bheagán féilte náisiúnta é a ndéantar ceiliúradh air ar fud an domhain. Ach níor thosaigh an pharáid cháiliúil seo in Éirinn fiú. B'imircigh Éireannacha in Florida, SAM, an chéad dream a rinne ceiliúradh ar an lá, thiar in 1601. Níor tharla an chéad pharáid in Éirinn go dtí 1903 – an bhliain chéanna a fógraíodh Lá Fhéile Pádraig ina lá saoire poiblí. Sa lá atá inniu ann, cruthaíonn tionscnamh 'Glasú Domhanda' de chuid Thurasóireacht Éireann Teo. – nuair a lastar 300 sainchomhartha i 50 tír ar an 17ú Márta gach bliain – go nglactar le hÉireannachas ar fud an domhain.






## CUMHACHT AINM


Tugaimid cuireadh duit teacht le chéile le hÉireannaigh ar fud an domhain – sliocht na ndaoine a d'fhág – agus iad siúd as tíortha eile a bhfuil a mbaile déanta acu in Éirinn – iad siúd ar chuireamar fáilte rompu inár dtír – sa cheiliúradh. Déan na gníomhaíochtaí san acmhainn seo agus glac páirt sna paráidí, ach scríobh cárta poist freisin chuig do theaghlach agus chuig cairde thar lear, ag insint dóibh cad is cúis leis an mbród a mhothaíonn tú as a bheith i d'Éireannach ar Lá Fhéile Pádraig. Agus má tá teaghlach Éireannach agat a d'imigh, tabhair aitheantas dóibh agus cuir a n-ainm le taispeántas 'Power of a Name/Cumhacht Ainm'. Téigh chuig www.epicchq.com/names agus cuir a n-ainm isteach, an áit óna ndeachaigh siad ar imirce agus an bhliain a d'fhág siad. Taispeánfaimid na hainmneacha ar bhalla EPIC agus beidh sé ina chuid dár dtaispeántas. Thar aon ní eile, cuimhnímis ar na nithe a dhéanann Éireannaigh dínn: grá d'Éirinn agus do chultúr na hÉireann, rudaí a bhaineann le gach duine.




balla taispeántais 'The Power of a Name' ag músaem EPIC


# ÉALÚ NAOMH PÁDRAIG

Agus aire á tabhairt ag Pádraig dá thréad oíche amháin, bhí brionglóid aige inar insíodh dó conas éalú ón ngéibheann ar long. Cuidigh leis a bhealach a dhéanamh go sábháilte abhaile tríd an lúbra thíos, ionas go bhfuil a fhios aige cá háit le dul – agus seachain na bacainní, leithéidí caoirigh agus foghlaithe mara, ar an mbealach!





# AINMHITHE NAOMH PÁDRAIG


Deirtear gur dhíbir Naomh Pádraig na nathracha nimhe as Éirinn, ach tá go leor ainmhithe eile a bhféadfadh sé bualadh leo agus é ag aoireacht. Oibrigh amach ainmneacha an fhiadhúlra Éireannach thíos agus meaitseáil iad lena gcur síos chun tuilleadh a fhoghlaim fúthu.




BÉAR DONNA



MAC TÍRE



TORC



FIA

Is ón ________ a tháinig an mhuc, agus fadó bhí sé ar fáil go forleathan i bhforaoiseacha na hÉireann. D'ith sé dearcáin agus b'fhoinse mhaith feola do mhuintir na hÉireann é. Ba mhinic a d'eagraigh na Fianna comórtais ina ndeachaigh siad ag fiach an toirc.

Bhí an _______ ________ ar fáil go forleathan in Éirinn go dtí an 18ú haois – bhí sé chomh forleathan gur tugadh 'Talamh an _______ ________' ar Éirinn! D'ith sé toirc allta agus caoirigh, agus thug seanmhuintir na hÉireann meas agus ómós dó.


Fadó, bhí trí chineál _______ in Éirinn - _____ rua, fia mór na mbeann agus réinfhianna fiú! D'ith na hainmhithe seo féar agus duilleoga agus péacháin chrann. Rinneadh seilg orthu go dtí go raibh siad beagnach díothaithe, ach le blianta beaga anuas, tá siad faoi rath arís agus ____nna nua tagtha isteach.

Leis na mílte bliain, chuaigh an _______ _______ ar fud na hÉireann. Chónaigh sé i bhforaoiseacha, agus bhí go leor le hithe aige – fianna, toirc, giorriacha, agus bradán. Thángthas ar a gcuid iarsmaí in go leor uaimheanna ar fud na tíre – Poll na mBéar i gCo. Liatroma san áireamh, agus i bPluaiseanna na hAille Buí, Co. an Chláir.


Freagraí: Torc, Mac Tíre, Fia agus Béar Donn

# CRUTHAIGH CROS CHEILTEACH

Sula raibh leabhair againn, ba mhinic a scaipeadh scéalta na naomh i measc daoine sna nithe a bhí greanta ar chrosa Ceilteacha. Tarraing an chros Cheilteach agus na príomhradhairc ó shaol Naomh Pádraig  uirthi chun a scéal a insint. Cuir san áireamh foghlaithe mara, long, caoirigh nó seamróga. Ná déan dearmad roinnt dearthaí Ceilteacha a chur isteach, mar shampla, snaidhmeanna Ceilteacha, chun do chros a chríochnú!



SAMPLAÍ:



# AN TSEAMRÓG

A bhuíochas le Naomh Pádraig, is ceann de na siombailí is aitheanta d'Éirinn í an tseamróg. Ní hí an t-aon phlanda amháin í a úsáidtear mar shiombail do thír áfach. Meaitseáil na plandaí thíos leis an tír lena mbaineann siad.



| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|
| TIÚILIP | LOITEOG | DUILLEOG MHAILPE | SEAMRÓG | RÓS | BLÁTH AN CHRAINN SILÍNÍ |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| ÉIRE | | AN INDIA | | CEANADA | |
| AN TSEAPÁIN | | SASANA | | AN ÍSILTÍR | |

Freagraí: 1. An Ollainn, 2. An India, 3. Ceanada, 4. Éire, 5. Sasana, 6. An tSeapáin



## AN CHÉAD PHARÁID AR LÁ FHÉILE PÁDRAIG

An bhfuil a fhios agat nach raibh an chéad pharáid do Lá Fhéile Pádraig in Éirinn fiú? Oibrigh amach na suimeanna thíos chun an scéal a chríochnú. Tá an chéad cheann déanta againn duit.

Gach seans go raibh an chéad pharáid ar Lá Fhéile Pádraig ar siúl in Florida sna Stáit Aontaithe, chomh fada siar le (800 x 2) + 1 = 1601, agus tharla an dara paráid i mBostún in 1900 - 163 = _______ . Tharla sé sin mar go ndeachaigh a lán Éireannach ar imirce go Meiriceá le himeacht na mblianta. D'fhág a lán acu mar gheall ar an nGorta Mór a thosaigh in (900 x 2) + 45 = _______. D'imigh an oiread sin daoine gurbh iad na hÉireannaigh an pobal eitneach ba mhó i mBostún faoi 1815 + 35 = _______. Lean an chéad pharáid oifigiúil é sin i Nua-Eabhrac in (1 x 1767) - 1 = _______. Bhí Éire níos faide ar cúl mar gur tharla an chéad pharáid i bPort Láirge in (700 x 3)- 200 + 3 = _______. Thosaigh ceann i mBaile Átha Cliath in 1900 + (22 + 9) = _______. Is imeacht ollmhór í an pharáid i mBaile Átha Cliath sa lá atá inniu ann, mar gur ghlac thart ar (300,000 x 2) - (50,000 x 2) = _______ duine páirt ann in (100 x 20) + 19 = _______.






EPIC The Irish Emigration Museum

# AM SRAMA ATÁ ANN!

Deirtear gur dhíbir Naomh Pádraig nathracha nimhe as Éirinn, agus a gcuid srama fosta...ach in EPIC Músaem Imirce na hÉireann, iarrfaimid ar roinnt srama filleadh ar Éirinn ag tarraint ar an oideas spraíúil baile seo do shram. Tá sé in am dúinn éirí sramach!

## AN BHFUIL A FHIOS AGAT?

Ní dhéanann nathracha nimhe sram, ach is ainmhí neamhghnách é an t-iasc pearóide a dhéanann. Sula dtéann sé a chodladh, cuireann an t-iasc pearóide amach sraith sramach múcais de bhrúchta chun é féin a chlúdach. Níl eolaithe cinnte faoin gcúis a gclúdaíonn an t-iasc pearóide é féin le sram ag am luí, ach síleann siad go bhfuil sé á chosaint féin ó sheadáin nó ó chreachadóirí agus é ina gcodladh. Teolaí!



### NODA SRAMACHA

- Is féidir sram a scriosadh go héasca le fínéagar.
- Ní minic a théann sram ó mhaith, mar sin is féidir é a choinneáil i bhfad.
- Má éiríonn an sram tirim, cuir lóis choirp nó ola naíonáin leis chun é a dhéanamh sínteach arís. Cuireann sé seo beatha ann arís, ach uaireanta, déanfaidh sé an sram níos síntí agus níos boige freisin.




# AN TSLÍ LE SRAM GLAS A DHÉANAMH

## BEIDH NA NITHE SEO UAIT:

- Cupán glae PVA (ar fáil i siopaí Euro nó sa siopa áitiúil ealaíona agus ceardaíochta)
- ¼ cupán uisce
- Dath glas bia (glóthach nó leacht)
- Spúnóg bhoird décharbónáit sóidiam
- Tuaslagán lionsa tadhaill, ina bhfuil aigéad bórach (is féidir é a cheannach i gcógaslann, agus fiú i roinnt ollmhargaí!)

## TREORACHA:

1. Cuir na comhábhair ar fad, seachas an tuaslagán lionsa tadhaill, i mbabhla agus measc go maith go dtí go bhfuil gach rud measctha le chéile.
2. Cuir spúnóg bhoird den tuaslagán lionsa tadhaill leis agus measc go maith ar feadh 2-3 nóiméad. Agus tú á mheascadh, ba chóir go bhfeicfeá é ag teacht le chéile.
3. Cuir isteach tuilleadh den tuaslagán lionsa tadhaill, má tá sé ag teastáil, ach giota beag ag an am! Lean ort leis an meascadh ar feadh 2-3 nóiméad go dtí nach bhfuil an sram róghreamaitheach nuair a leagann tú lámh air.
4. Ar deireadh, rollaigh an sram amach ar dhromchla mín agus déan é a fhuineadh, mar a dhéanfá le harán, ar feadh roinnt nóiméad
5. Hé presto! Tá sé in am srama!



Ná déan dearmad do chuid grianghraf den sram a roinnt ar na meáin shóisialta.
#EPICMuseum
@epicmuseumCHQ

Ar mhaith leat tuilleadh a fhoghlaim faoin eolaíocht taobh thiar de shram? Agus faoin tslí le cineálacha eile srama a dhéanamh? Tar go hEPIC nuair a osclaímid arís chun spraoi a bheith agat le sram – arracht srama, sram clúmhach, agus easanna srama! Beidh gach ceardlann atá le teacht le fáil ar ár suíomh eipicchq.com

# Déanaimis réidh do Lá Fhéile Pádraig

Baineann Lá Fhéile Pádraig le ceiliúradh a dhéanamh ar ár n-oidhreacht Éireannach. Anois, tá sé in am a bheith ealaíonta! Cruthaigh bratacha, bláthfhleasca, agus gléas suas leis na gníomhaíochtaí spraíúla seo.

## CRUTHAIGH SOLASÁN BLÁTHFHLEASC SEAMRÓIGE

### TREORACHA:

1. Dathaigh an scagpháipéar caife/páipéar síoda le do mharcóirí. Dá bheoga na dathanna is ea is fearr!
2. Leag an dearadh críochnaithe anuas ar thuáillí eile páipéir nó naipcíní.
3. Spraeáil do dhearadh le beagán uisce, agus buidéal spraeála nó gunna uisce in úsáid agat. Féach ar na dathanna ag meascadh chun pátrún ceangail agus dathaigh a chruthú.
4. Lig do gach rud triomú.
5. Roinn na bileoga A4 ina gceithre chuid agus tarraing seamróg ar cheann amháin. Gearr amach é.
6. Rianaigh an teimpléad seo ar na bileoga eile agus gearr amach na seamróga ar fad. Ba chóir go mbeadh 8 gcinn agat san iomlán.
7. Gearr amach cruth croí i lár gach seamróige.
8. Agus an bata glae in úsáid agat, ceangail na scagpháipéir chaife nó páipéar síoda le taobh amháin de na seamróga, agus déan cinnte go gclúdaíonn tú na poill i gcruth croí.
9. Nuair a bheidh siad tirim, úsáid siosúr chun an scagpháipéar caife/páipéar síoda breise a bhearradh.
10. Ceangail na seamróga leis an tsreang le gliú nó le téip ghreamaitheach.
11. Croch an solasán seamróige ar d'fhuinneog.

Nod: Cuir isteach pictiúir nó cruthanna breise, a sheasann do chodanna éagsúla de stair agus de chultúr na hÉireann. Mar shampla, ainmhithe, leithéidí nathracha nimhe, caoirigh agus coiníní, nó siombailí amhail na cinn ó fháinne an Chladaigh (croí, lámha agus coróin). Is féidir leat iad seo a chur leis an solasán agus an modh céanna á leanúint agat, ach amháin na cruthanna a athrú go cibé rud atá uait.

## CRUTHAIGH BRATACH LÁ FHÉILE PÁDRAIG

Cruthaigh bratach don pharáid trí litreacha 'Lá Fhéile Pádraig' a scríobh ar bhileoga éagsúla A4, agus iad a dhearadh i ndathanna éagsúla glas! Ceangail le chéile iad le sreang agus cuir ar taispeáint iad go bródúil.




## FEISTIS

Ceann de na rudaí a mbímid ar fad ag súil leis mar chuid d'fhéile ar bith ná an feisteas iontach a chaitheann daoine i rith na paráide. Seal s'agatsa atá ann anois! Déan d'fheisteas féin trí na rudaí thíos a chruthú:

- Feisteas – rud éigin le caitheamh. Téigh ar lorg dathanna faoi leith nó roghnaigh téama le ceangal leis an bhfeisteas. Mar shampla, cad faoi théama a bhaineann le hainmhithe? D'fhéadfadh gach rannpháirtí gléasadh suas mar ainmhí éagsúil, m.sh. nathair nimhe, coinín nó caora!
- Prapaí – tá prapaí de dhíth ar gach feisteas. Is féidir leat do chuid prapaí féin a chruthú agus úsáid á baint as papier-mâché, ceardaíocht pháipéir nó cré, nó aimsigh rud éigin sa bhaile a oirfidh do do charachtar. Cad faoi chairéad don choinín, nó tuí do chaora? An t-aon teorainn atá ann ná do shamhlaíocht!
- Masc – cruthaigh masc do d'fheisteas agus masc aghaidhe aon uaire in úsáid, nó tarraing masc súl ar chárta. Ná déan dearmad a lán dathanna a úsáid – is féidir cleití a ghreamú leis agus glae in úsáid.

## PARÁID!

An t-aon rud atá fágtha le déanamh anois ná dul go dtí an fhéile féin. Ná déan dearmad grianghraif a ghlacadh! Roinn linn iad trí #EPICMuseum a úsáid chun seans a fháil duais EPIC a bhuachan.



EPIC The Irish Emigration Museum